Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8409/26**

**UK 85**
**COMER 65**
**SERVICES 22**
**TRANS 237**
**AVIATION 63**
**PECHE 134**
**ENER 192**
**SOC 210**
**JAI 476**
**COPEN 143**
**RECH 184**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 166 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann<br>1 Eanáir – 31 Nollaig 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 166 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 166 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.4.2026
COM(2026) 166 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann**

**1 Eanáir – 31 Nollaig 2025**

GA GA

Clár


1. Réamhrá ..... 2

2. Creat institiúideach ..... 3

3. Gearáin agus réiteach díospóidí ..... 4

3.1. Gearáin ..... 4

3.2. Réiteach díospóidí ..... 5

4. Cur chun feidhme earnála ..... 6

4.1. Trádáil earraí ..... 6

4.2. Seirbhísí agus infheistíocht, trádáil dhigiteach, soláthar poiblí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ..... 8

4.3. Cearta maoine intleachtúla ..... 10

4.4. Cothrom iomaíochta ..... 10

4.5. Fuinneamh ..... 11

4.6. Iompar ..... 12

4.7. Iascach ..... 13

4.8. Comhordú slándála sóisialta ..... 14

4.9. Forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla ..... 14

4.10. Comhlachú na Ríochta Aontaithe le cláir áirithe de chuid an Aontais ..... 15

4.11. Réimsí eile ..... 15

5. Forbairtí i ndlí na Ríochta Aontaithe ..... 16

6. Conclúidí ..... 18

Iarscríbhinn 1: Cruinnithe na gcomhlachtaí comhpháirteacha agus struchtúr eile arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair ..... 19

Iarscríbhinn 2: Cinntí, moltaí agus dearbhuithe arna nglacadh ag an gComhairle Comhpháirtíochta agus ag na Coistí arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair ..... 21

Iarscríbhinn 3: Iarscríbhinn 3: Forbhreathnú ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a comhaontaíodh sa Chomhthuiscint ..... 22

## 1. Réamhrá

In 2025, thug an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Ríocht Aontaithe) céim mhór chun cinn ina gcaidreamh tríd an gcéad chruinniú mullaigh déthaobhach a thionól ó d'imigh an Ríocht Aontaithe as an Aontas. Leis an gcruinniú mullaigh an 19 Bealtaine 2025 i Londain, léiríodh gealltanas athnuaite don chomhar. Ba dhíol sásaimh do na ceannairí an comhaontú maidir leis an gComhpháirtíocht Slándála agus Chosanta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe agus chomhaontaigh siad comhpháirtíocht straitéiseach nua[1] a bhunú bunaithe ar an gComhaontú sum Tharraingt Siar[2], lena n-áirítear Creat Windsor[3], agus an Comhaontú Trádála agus Comhair[4].

Léiríonn an clár oibre athnuaite le haghaidh comhar déthaobhach feabhsaithe - an Chomhthuiscint[5] - gealltanas comhroinnte do chur chun feidhme iomlán, tráthúil agus dílis na gcomhaontuithe sin. Maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, leagtar amach sa Chomhthuiscint gníomhaíochtaí chun comhar a mhéadú, lena n-áirítear rochtain chómhalartach iomlán ar uiscí iascaireachta a áirithiú go dtí an 30 Meitheamh 2038, comhar fuinnimh a leathnú, comhar maidir le slándáil sláinte a neartú, nasc na gcóras trádála astaíochtaí a chur chun cinn, aghaidh a thabhairt ar chur chun feidhme fhorálacha seirbhísí sonracha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, forfheidhmiú breithiúnach, forfheidhmiú an dlí, comhar maidir le beartas iomaíochta a threisiú, agus an Ríocht Aontaithe a chomhlachú le clár Erasmus+.

Faoi dheireadh 2025, bhí dul chun cinn mór déanta maidir leis an gComhthuiscint a chur chun feidhme. Daingníodh comhaontú i bprionsabal maidir le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe in Erasmus+[6], agus tugadh réamhphlé chun críche maidir le rannpháirtíocht fhéideartha na Ríochta Aontaithe i margadh inmheánach leictreachais an Aontais, rud a réitigh an bealach chun dul chun cinn a dhéanamh a thuilleadh in 2026.

Leanadh den chomhar freisin maidir le roinnt tionscnamh nach dtagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Áiríodh orthu sin comhaontuithe caibidlíochta maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta agus an scéim taithí don aos óg, chomh maith le comhar maidir le himirce neamhrialta, lena n-áirítear a gné sheachtrach. Gheall an dá thaobh freisin faisnéis a mhalartú maidir le bainistiú éifeachtúil teorainneacha

[1] Cruinniú Mullaigh 2025 idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach - Ráiteas Comhpháirteach https://www.consilium.europa.eu/media/1edla1hi/eu-uk_joint-statement.pdf.

[2] Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach 2019/C 384 I/01 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:12019W/TXT(02).

[3] Dearbhú Polaitiúil Windsor arna dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach agus Rialtas na Ríochta Aontaithe https://commission.europa.eu/publications/windsor-political-declaration-european-commission-and-government-united-kingdom_ga.

[4] An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile https://eur-lex.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj.

[5] Clár oibre athnuaite le haghaidh Comhthuiscint maidir le comhar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/statement_25_1267.

[6] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/statement_25_3103.

agus idirphlé rialála teicniúil a shaothrú maidir le teicneolaíochtaí fuinnimh, rioscaí drugaí agus bagairtí.

Leis an gcúigiú tuarascáil seo maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(4) de Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021[7], cuirtear i láthair príomhfhorbairtí in 2025. Cumhdaítear leis feidhmiú an chreata institiúidigh (Roinn 2), gearáin agus réiteach díospóidí (Roinn 3), agus dul chun cinn ar fud réimsí éagsúla an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, lena n-áirítear nuashonruithe ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a comhaontaíodh sa Chomhthuiscint (Roinn 4). Cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil freisin forbairtí reachtacha sa Ríocht Aontaithe a dhéanann difear do chur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair (Roinn 5).

## 2. Creat institiúideach

Leagtar amach sa roinn seo príomhghníomhaíochtaí agus príomhfhorbairtí na gcomhlachtaí comhpháirteacha agus na struchtúr eile a bunaíodh faoin gComhaontú Trádála agus Comhair chun faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme agus é a éascú. Cuirtear liosta iomlán de chruinnithe i láthair in Iarscríbhinn 1.

Tháinig na **coistí** a bunaíodh faoi Airteagal 8 den Chomhaontú Trádála agus Comhair le chéile i rith na bliana. Mar gheall ar na cruinnithe sin, bhíothas in ann athbhreithnithe struchtúrtha a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na gealltanais a tugadh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair agus cuireadh ardán ar fáil le haghaidh malartuithe teicniúla maidir le saincheisteanna éagsúla a bhaineann le cur chun feidhme, lena n-áirítear forbairtí rialála atá le teacht. Glacadh roinnt cinntí agus moltaí, a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn 2. I gcás inarb ábhartha, bhí cruinnithe ag na **meithleacha** roimh chruinnithe na gCoistí Speisialaithe, a bunaíodh faoi Airteagal 9 den Chomhaontú Trádála agus Comhair[8].

Tháinig an **Tionól Parlaiminteach Comhpháirtíochta**, a bunaíodh faoi Airteagal 11 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, le chéile faoi dhó: an 17 agus an 18 Márta sa Bhruiséil[9] agus an 17 agus an 18 Samhain i Londain[10]. Díríodh sna cruinnithe sin ar an mbeartas eachtrach agus slándála, ar an aeráid agus fuinneamh, ar chearta oibrithe bunúsacha, ar mhalartuithe cultúrtha, ar an intleacht shaorga, ar shonraí agus comhar digiteach, ar dheiseanna don óige, ar thrádáil, ar chustaim, ar bhearta sláintíochta agus fíteashláintíochta, agus ar chomhar rialála i seirbhísí airgeadais. Tar éis chruinniú mhí an Mhárta, d'eisigh an

[7] Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe, IO L 149, 30.4.2021, lch. 2: ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/689/oj.

[8] Meithleacha maidir le: Táirgí Orgánacha, Mótarfheithiclí agus Páirteanna, Táirgí Íocshláinte agus Comhordú Slándála Sóisialta.

[9] An Cúigiú Tionól Parlaiminteach Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, an 17-18 Márta 2025, an Bhruiséil. https://www.europarl.europa.eu/delegations/ga/5th-eu-uk-parliamentary-partnership-asse/product-details/20250224DPU39839.

[10] https://www.europarl.europa.eu/delegations/ga/d-uk/activities/inter-parliamentary.

Tionól moladh chuig an gComhairle Comhpháirtíochta maidir leis an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe a neartú roimh Chruinniú Mullaigh an 19 Bealtaine[11], agus tar éis chruinniú mhí na Samhna, maidir le slándáil, trádáil agus dúshláin dhomhanda[12].

Tháinig **Grúpa Comhairleach Baile an Aontais**, a bunaíodh faoi Airteagal 13 den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus atá comhdhéanta d'ionadaithe ó eagraíochtaí sochaí sibhialta[13], le chéile roinnt uaireanta in 2025. Ag an gcruinniú a bhí aige an 13 Meitheamh, phléigh an grúpa toradh an chruinnithe mullaigh. Mar thoradh ar an bplé sin[14], glacadh ráiteas comhpháirteach le Grúpa Comhairleach Baile na Ríochta Aontaithe le linn an chruinnithe a bhí acu an 23 Meitheamh i Londain, inar iarradh go gcuirfí na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Chomhthuiscint chun feidhme go pras. Ag an gcruinniú a bhí aige an 16 Meán Fómhair, thug an Coimisiún an t-eolas is déanaí don Ghrúpa Comhairleach Baile maidir le cur chun feidhme na Comhthuisceana.

Tionóladh an **Fóram Sochaí Sibhialta**, a bunaíodh faoi Airteagal 14 den Chomhaontú Trádála agus Comhair chun idirphlé a éascú ar chur chun feidhme Chuid a Dó den Chomhaontú, a chumhdaíonn trádáil, iompar, iascach agus socruithe eile) den cheathrú huair an 24 Meitheamh sa Bhruiséil[15]. Mar a tharla sna blianta roimhe sin, díríodh san fhóram ar shaincheisteanna cur chun feidhme a bhaineann le trádáil earraí agus seirbhísí, fuinneamh agus an aeráid, cothrom iomaíochta, inbhuanaitheacht agus comhar rialála. Ba dhíol sásaimh d'fhormhór na rannpháirtithe an móiminteam sa chaidreamh tar éis chruinniú mullaigh an 19 Bealtaine agus chuir siad in iúl go raibh súil acu go leanfaí den dinimic sin.

Tháinig an **Chomhairle Comhpháirtíochta** le chéile an 2 Feabhra 2026[16].

# 3. Gearáin agus réiteach díospóidí

Déantar achoimre sa roinn seo ar obair na sásraí a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar ghearáin ó pháirtithe leasmhara an Aontais, díospóidí a réiteach agus gealltanais an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a fhorfheidhmiú.

## 3.1. Gearáin

In 2025, cuireadh sé ghearán isteach trí na huirlisí a bhunaigh an Coimisiún chun faireachán éifeachtúil ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a áirithiú[17]. Níor

[11] Moladh maidir leis an gcomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe a neartú. https://www.europarl.europa.eu/cmsdata/293904/5th%20PPA%20Recommendation%2017.03.25.pdf.
[12] https://www.europarl.europa.eu/cmsdata/300310/6th%20PPA%20-%20Recommendation%20on%20trade,%20security%20and%20global%20challenges.pdf.
[13] Grúpa Comhairleach Baile an Aontais faoin gComhaontú Trádála agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe https://www.eesc.europa.eu/ga/sections-other-bodies/other/eu-domestic-advisory-group-under-eu-uk-tca.
[14] Ráiteas Comhpháirteach https://www.eesc.europa.eu/sites/default/files/2025-06/eu-uk_dags_joint_statement_2025.pdf.
[15] An Ceathrú Fóram Sochaí Sibhialta maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe https://policy.trade.ec.europa.eu/events/fourth-eu-uk-trade-and-cooperation-agreement-civil-society-forum-2025-06-24_ga.
[16] An ceathrú cruinniú den Chomhairle Comhpháirtíochta
An ceathrú cruinniú den Chomhairle Comhpháirtíochta - an Coimisiún Eorpach

bhain ach dhá ghearán le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair[18]. Bhain na ceithre aighneacht eile le hábhair nach dtagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus thug an Coimisiún aghaidh orthu dá réir sin.

### 3.2. Réiteach díospóidí

Na nósanna imeachta eadrána a thionscain an tAontas an 25 Deireadh Fómhair 2024, de bhun Airteagal 739 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, maidir le cinneadh na Ríochta Aontaithe toirmeasc a chur ar iascaireacht corr gainimh ina huiscí ón 26 Márta 2024, tugadh i gcrích iad an 28 Aibreán 2025.

Ina rialú[19], shuigh an bord eadrána nach raibh an toirmeasc ar iascaireacht corr gainimh in uiscí Shasana i gcomhréir le hoibleagáidí na Ríochta Aontaithe faoi Airteagal 496(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 494(3)(f). Tháinig an bord eadrána sin ar an gconclúid nár thug an Ríocht Aontaithe aird chuí ar phrionsabal na comhréireachta agus an beart á ghlacadh aici. Chinn sé freisin, mar thoradh air sin, gur sháraigh an Ríocht Aontaithe a hoibleagáid rochtain iomlán a thabhairt ar a huiscí le haghaidh iascaireacht corr gainimh, i gcomhréir le hAirteagal 2(1)(a) d'Iarscríbhinn 38 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Leis an rialú, ceanglaíodh ar an Ríocht Aontaithe na bearta is gá a dhéanamh chun í féin a thabhairt i gcomhréir le forálacha ábhartha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair.

Rinne an Ríocht Aontaithe athbhreithniú ar a measúnú ina dhiaidh sin trí eilimintí eolaíocha agus measúnuithe tionchair a tugadh cothrom le dáta a chur san áireamh agus rinne sí cinneadh nua maidir le toirmeasc a chur ar iascaireacht corr gainimh in uiscí Shasana. An 25 Meitheamh 2025, thug sé fógra don Aontas faoi na bearta a rinne sé chun é féin a thabhairt i gcomhréir leis an rialú. Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin i bhfianaise an rialaithe agus tháinig sé ar an gconclúid gan athbhreithniú ar chomhlíontacht a iarraidh.

Maidir leis an bpainéal saineolaithe le haghaidh díospóidí a bhaineann leis an gcaibidil maidir le cothrom iomaíochta le haghaidh iomaíocht oscailte chóir agus forbairt inbhuanaithe, de bhun Airteagal 409 den Chomhaontú Trádála agus Comhair an 23 Feabhra 2026, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhaoine aonair atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina gcomhaltaí ar an bpainéal saineolaithe[20].

---

[17] An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe - foirm ghearáin https://ec.europa.eu/assets/sg/complaint_eu_uk_tca/complaints_ga/ agus Pointe Teagmhála Aonair https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/ga/content/single-entry-point-0.

[18] Líomhnaíodh i ngearán amháin gur chuir údarás Ballstáit an Comhaontú Trádála agus Comhair i bhfeidhm go mícheart le cinneadh seantaifid choiriúla a chomhroinnt leis an Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 649(2). D'fhíoraigh seirbhísí an Choimisiúin an tsaincheist agus chuir siad an gearánach ar an eolas gurb é dlí an Bhallstáit a rialaíonn cá fhad ba cheart an fhaisnéis maidir le seanchiontuithe a tharchur agus cén raon feidhme a bheidh ag an bhfaisnéis a tharchuirtear. Bhain an dara gearán le Scéim na gConarthaí Difríochta maidir le Giniúint Leictreachais In-athnuaite de chuid na Ríochta Aontaithe - Babhta Leithdháilte 7. Dáta na tuarascála seo, níl an measúnú ar an ngearán seo curtha i gcrích ag an gCoimisiún.

[19] CÁS NA BUANCHÚIRTE EADRÁNA Uimh. 2024-45 https://pcacases.com/web/sendAttach/70467.

[20] Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe Trádála um Chothrom Iomaíochta um an Iomaíocht Chóir agus Oscailte agus um Fhorbairt Inbhuanaithe arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun liosta a bhunú de dhaoine

# 4. Cur chun feidhme earnála

Cuirtear i dtábhacht sa roinn seo na nithe a baineadh amach sna réimsí beartais a chumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, agus an dul chun cinn atá déanta maidir leis na gníomhaíochtaí a comhaontaíodh sa Chomhthuiscint a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a chur chun feidhme. Cuirtear i láthair ann freisin sonraí maidir le sreafaí trádála earraí agus seirbhísí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

## 4.1. Trádáil earraí

Ar an iomlán, bhí na socruithe a bhain le trádáil a leagadh amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair éifeachtach agus d'fheidhmigh siad go maith.

I gcomhréir le hAirteagal 31 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, mhalartaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe staitisticí allmhairiúcháin[21]. Léiríonn siad sin go raibh thart ar 39,5 % d'onnmhairí an Aontais chuig an Ríocht Aontaithe agus 48,5 % d'allmhairí an Aontais ón Ríocht Aontaithe incháilithe do chóir fhabhrach faoin gcomhaontú trádála. Bhain na sreafaí trádála a bhí fágtha le línte taraife a bhí saor ó dhleacht cheana féin ar bhonn NBF.

Tá na rátaí úsáide tosaíochta[22] fós ard agus iad inchomparáide le rátaí na bliana roimhe: Thairbhigh 88 % de na hearraí incháilithe tosaíochta a onnmhairíodh ón Aontas chuig an Ríocht Aontaithe agus 83,2 % de na hearraí incháilithe tosaíochta a allmhairíodh ón Ríocht Aontaithe de na tosaíochtaí faoin gComhaontú Trádála agus Comhair. Tá na rátaí sin comhsheasmhach leis na rátaí a thugtar faoi deara i gcás comhpháirtithe eile a bhfuil comhaontuithe saorthrádála ag an Aontas leo[23].

Tugtar forbhreathnú thíos ar fhorbairt na **sreafaí trádála earraí**[24] idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe in 2025.

Thaifead an tAontas barrachas mór trádála earraí leis an Ríocht Aontaithe, EUR 188 mbilliún a bhí gceist leis. D'onnmhairigh an tAontas earraí dar luach EUR 346 bhilliún chuig an Ríocht Aontaithe, ar méadú 0,8 % é sin i gcomparáid le 2024. Bhí EUR 159 mbilliún i gceist le hallmhairí earraí ón Ríocht Aontaithe, ar laghdú 3,1 % é i gcomparáid le 2024.

---

aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ina gcomhaltaí den phainéal saineolaithe arna bhunú faoi Airteagal 409 den Chomhaontú Trádála agus Comhair https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52026PC0089

[21] Cumhdaíodh allmhairí in 2024 leis an staidreamh.

[22] Léiríonn an ráta úsáide tosaíochta an sciar allmhairí nó onnmhairí a thagann isteach faoi thosaíochtaí trádála mar sciar de luach iomlán na n-allmhairí nó na n-onnmhairí atá incháilithe do thosaíochtaí ó thír chomhpháirtíochta.

[23] Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le cur chun feidhme comhaontuithe saorthrádála an Aontais, féach an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún maidir le Cur chun Feidhme agus Forfheidhmiú Bheartas Trádála an Aontais: https://policy.trade.ec.europa.eu/enforcement-and-protection/implementing-and-enforcing-eu-trade-agreements_ga.

[24] Tá na figiúirí uile bunaithe ar shonraí Eurostat – mura sonraítear a mhalairt: https://ec.europa.eu/eurostat/web/international-trade-in-goods/overview.

Ba iad na hearnálacha bia, deochanna agus tobac (+ 3,5 %), amhábhair (+ 3,3 %), agus ceimiceáin agus táirgí gaolmhara (+ 3,3 %) na hearnálacha is mó a léirigh an fás ar onnmhairí an Aontais chuig an Ríocht Aontaithe. Ba iad breoslaí mianracha (-2,5 %) an t-aon chatagóir onnmhairiúcháin ar tháinig laghdú uirthi. Maidir le hallmhairí, tháinig méaduithe ar allmhairí bia, deochanna agus tobac (+ 3,8 %) agus amhábhar (+ 4,1 %), agus tháinig laghdú ar allmhairí na gcatagóirí earraí eile. Tugadh an laghdú ba mhó faoi deara i mbreoslaí mianracha (-14,2 %). Ar an iomlán, cuireann na forbairtí sin i dtábhacht éagsúlacht i ndinimic trádála ar fud na n-earnálacha, agus táirgí a bhaineann le fuinneamh fós ag crapadh, ach bhí fás measartha ar bhia, deochanna agus tobac, agus amhábhair mar a bhí roimhe sin.

I gcomparáid le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, ní raibh trádáil earraí an Aontais leis an Ríocht Aontaithe chomh dinimiciúil céanna. In 2025, tháinig méadú 2,4 % ar onnmhairí an Aontais chuig tíortha eile nach Ballstáit den Aontas iad i gcomparáid le 2024, agus tháinig méadú 2,9 % ar allmhairí an Aontais ó thíortha eile nach Ballstáit den Aontas iad. In 2025, bhí 9,8 % de thrádáil fhoriomlán an Aontais le comhpháirtithe idirnáisiúnta i gceist le trádáil iomlán earraí leis an Ríocht Aontaithe, laghdú ó 10,1 % in 2024. Ba í an Ríocht Aontaithe an dara ceann scríbe ba mhó fós d’onnmhairí an Aontais, agus 13,1 % d’onnmhairí iomlána earraí an Aontais á bhfáil aici, i gcomparáid le 13,3 % in 2024, tar éis na Stát Aontaithe (20,9 %). Maidir le hallmhairí, ba í an Ríocht Aontaithe foinse 6,3 % d’allmhairí earraí an Aontais, síos ó 6,7 % in 2024, agus í sa tríú háit i ndiaidh na Síne (22,3 %) agus na Stát Aontaithe (14,1 %). Deimhnítear leis na figiúirí sin gur leanadh de threocht a sainaithníodh sna tuarascálacha bliantúla roimhe seo ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, gur leathnaíodh an trádáil earraí le comhpháirtithe eile nach de chuid an Aontais iad níos tapúla ná an trádáil leis an Ríocht Aontaithe ó tharraing sí siar as an Aontas.

Nuair a bhreathnaítear ar an gcaoi ar tháinig forbairt ar thrádáil earraí ó tháinig an Comhaontú Trádála agus Comhair i bhfeidhm in 2021, léirigh onnmhairí an Aontais chuig an Ríocht Aontaithe fás comhsheasmhach. In 2025, shroich onnmhairí EUR 346 bhilliún, méadú ó EUR 282 bhilliún in 2021, méadú 23 %. Tharla an fás bliantúil ba láidre idir 2021 agus 2022, rud a léiríonn téarnamh ó thionchar COVID-19. I gcodarsnacht leis sin, lean allmhairí an Aontais ón Ríocht Aontaithe conair níos luainí, ag dul i méid go géar ó EUR 147 mbilliún in 2021 go EUR 216 bhilliún in 2022, rud a léiríonn coigeartú iarphaindéime freisin, sular tháinig laghdú seasta orthu go EUR 159 mbilliún in 2025. Tugann an éagsúlacht sin idir onnmhairí agus allmhairí le fios go ndeachaigh geilleagar an Aontais go héifeachtach in oiriúint do na dálaí trádála nua leis an Ríocht Aontaithe tar éis di imeacht as an Aontas.




*Fíor 1: Trádáil earraí an Aontais leis an Ríocht Aontaithe, 2021-2025, in EUR billiún, foinse: Eurostat (tacar sonraí [ext_lt_maineu](ext_lt_maineu))*

## 4.2. Seirbhísí agus infheistíocht, trádáil dhigiteach, soláthar poiblí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide

Go ginearálta, chuaigh cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair ar aghaidh go rianúil i réimsí na seirbhísí agus na hinfheistíochta, na trádála digití, na maoine intleachtúla, an tsoláthair phoiblí, agus na bhfiontar beag agus meánmhéide, cé is moite d'fhadhbanna leanúnacha a bhaineann le **córas urraíochta na Ríochta Aontaithe le haghaidh víosaí**[25] a chuirtear i bhfeidhm maidir le soláthraithe seirbhíse an Aontais a chumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.

Ó bhí 2022 ann, chuir an tAontas ábhair imní in iúl go comhsheasmhach laistigh de chomhlachtaí comhpháirteacha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair maidir le castacht, ualach díréireach agus easpa soiléireachta an chórais[26]. Leanann an ceanglas urraíochta de bhac a chur ar chur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair do sholáthróirí seirbhíse an Aontais, mar a léirítear le heisiúint 49 víosa sa chéad naoi mí de 2025 do náisiúnaigh den Aontas Eorpach faoin mbealach Soláthróirí Seirbhíse, lena gcumhdaítear Gairmithe Neamhspleácha an Aontais agus Soláthróirí Seirbhíse Conarthacha. Mar thoradh air sin, tá bacainní móra fós roimh sholáthraithe seirbhíse an Aontais maidir le freastal ar chliaint sa Ríocht Aontaithe, agus tá drogall ar an rialtas fós aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist. Mar a comhaontaíodh sa Chomhthuiscint, is é is aidhm d'idirphlé maidir le cur chun feidhme ghealltanais an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair maidir le dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha chun críoch gnó, an tsaincheist sheanbhunaithe sin a

[25] Víosa Soláthróirí Seirbhíse (Soghluaisteacht Gnó Dhomhanda) https://www.gov.uk/service-supplier-visa/eligibility.
[26] Féach na tuarascálacha ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair do na blianta 2022, 2023 agus 2024.

chuireann bac ar chur chun feidhme iomlán an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a réiteach.

Cuireadh idirphlé eile ar bun maidir le cur chun feidhme ghealltanais an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair maidir le h**aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla**, i gcomhréir leis an gComhthuiscint.

I réimse na **seirbhísí airgeadais**, tháinig Fóram Rialála Airgeadais an Aontais Eorpaigh - na Ríochta Aontaithe, a tionóladh i gcomhréir le Meabhrán Tuisceana[27] 2023, le chéile faoi dhó in 2025: an 12 Feabhra i Londain agus an 1 Deireadh Fómhair sa Bhruiséil. Cumhdaíodh réimse ábhar sa phlé, lena n-áirítear ionchais mhaicreacnamaíocha agus cobhsaíochta airgeadais, rialáil baincéireachta, airgeadas digiteach, athchóirithe ar an margadh caipitil agus airgeadas inbhuanaithe. Tar éis an dá chruinniú, eisíodh ráitis chomhpháirteacha[28] ina ndearnadh achoimre ar na torthaí.

Tugtar forbhreathnú thíos ar na **sreafaí trádála seirbhísí** idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe in 2025[29].

Sna trí chéad ráithe de 2025, d’onnmhairigh an tAontas seirbhísí chuig an Ríocht Aontaithe arbh fhiú EUR 230 billiún iad, ar méadú 5,1 % é sin i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2024. B’fhiú EUR 183 bhilliún allmhairí seirbhísí an Aontais ón Ríocht Aontaithe sna chéad trí ráithe de 2025, ar méadú 4 % é i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2024. Sna chéad trí ráithe de 2025, bhí barrachas trádála earraí dar luach EUR 47 mbilliún ag an Aontas leis an Ríocht Aontaithe. Ba iad na seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin (+20,7 %) agus na muirir ar úsáid maoine intleachtúla (+ 20.3 %) na hearnálacha inar taifeadadh an méadú ba láidre ar onnmhairí an Aontais chuig an Ríocht Aontaithe in 2025 i gcomparáid le 2024. Maidir le hallmhairí, chonacthas na méaduithe ba mhó ón Ríocht Aontaithe ar mhuirir ar úsáid maoine intleachtúla (+ 15 %), agus taisteal ina dhiaidh sin (+ 12,2 %).

Sna chéad trí ráithe de 2025, bhí 18,7 % de thrádáil iomlán an Aontais lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta á dhéanamh trí thrádáil seirbhísí iomlán leis an Ríocht Aontaithe, laghdú ó 18,6 % sa tréimhse chéanna in 2024. Ba í an Ríocht Aontaithe an ceann scríbe a bhí ag 19,8 % d’allmhairí an Aontais sna chéad trí ráithe de 2025 (i gcomparáid le 19,1 % sa tréimhse chéanna in 2024), sa dara háit taobh thiar de na Stáit Aontaithe (21,5 %). Sa Ríocht Aontaithe a tionscnaíodh 17,5 % d’allmhairí an Aontais sna chéad trí ráithe de 2025 (i gcomparáid le 17,9 % sa tréimhse chéanna in 2024), sa dara háit taobh thiar de na Stáit Aontaithe (36,5 %).

Nuair a bhreathnaítear ar an gcaoi ar tháinig forbairt ar thrádáil seirbhísí ó tháinig an Comhaontú Trádála agus Comhair i bhfeidhm in 2021, léirigh onnmhairí seirbhísí an Aontais chuig an Ríocht Aontaithe fás seasta, ag dul i méid ó EUR 150 billiún sna chéad trí ráithe de

[27] Meabhrán Tuisceana lena mbunaítear creat do chomhar rialála na seirbhísí airgeadais idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann: https://finance.ec.europa.eu/system/files/2023-09/230627-memorandum-understanding-financial-services-eu-uk_en.pdf.

[28] https://finance.ec.europa.eu/eu-and-world/bilateral-relations/regulatory-dialogues-united-kingdom_ga.

[29] Tá na figiúirí uile bunaithe ar shonraí Eurostat – mura sonraítear a mhalairt: https://ec.europa.eu/eurostat/web/balance-of-payments/overview agus https://ec.europa.eu/eurostat/web/international-trade-in-services/overview.

2021 go EUR 230 billiún sna chéad trí ráithe de 2025, ar méadú os cionn 53 % é. Tháinig méadú seasta freisin ar allmhairí seirbhísí an Aontais ón Ríocht Aontaithe, ó EUR 125 bhilliún in 2021 go EUR 183 bhilliún in 2025 (+ 47 %). Tharla an fás ba láidre idir 2021 agus 2022, rud a léiríonn téarnamh ó thionchar COVID-19 ar earnálacha taistil, turasóireachta agus seirbhísí eile. Ar an iomlán, léiríonn na treochtaí sin go bhfuil méadú seasta ag teacht ar thrádáil seirbhísí leis an Ríocht Aontaithe i gcás onnmhairí agus allmhairí araon.




*Fíor 2: Trádáil seirbhísí an Aontais leis an Ríocht Aontaithe, na chéad trí ráithe de 2021-2025*
*EUR billiún, foinse: Eurostat (tacar sonraí* bop_eu6_q*)*

## 4.3. Cearta maoine intleachtúla

Lean Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh agus Oifig Maoine Intleachtúla na Ríochta Aontaithe dá bplé maidir le meabhrán tuisceana chun feabhas a chur ar an gcomhar riaracháin i réimse na maoine intleachtúla, dá dtagraítear in Airteagal 273(2)(g) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

## 4.4. Cothrom iomaíochta

Mar a tugadh faoi deara sa Chomhthuiscint, comhaontaíodh an chéad chomhaontú forlíontach faoi Airteagal 361(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair in 2025 agus síníodh é an 25 Feabhra 2026[30]. Leis an gComhaontú maidir le Comhar Iomaíochta:

- cuirtear creat i bhfeidhm le haghaidh comhar maidir le cúrsaí iomaíochta idir, ar thaobh amháin, an Coimisiún agus údaráis iomaíochta Bhallstáit an Aontais agus, ar an taobh eile, Údarás Iomaíochta agus Margaí na Ríochta Aontaithe;

[30] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_26_454

- foráiltear gur cheart imscrúduithe tábhachtacha in aghaidh trustaí agus cumaisc a chur in iúl do gach páirtí;
- ceadaítear imscrúduithe a chomhordú idir na dlínsí lena mbaineann nuair is gá (a bhféadfadh an Coimisiún nó údaráis iomaíochta na mBallstát a bheith rannpháirteach iontu ar thaobh an Aontais, ag brath ar an gcás);
- leagtar amach prionsabail shoiléire maidir le comhar atá ceaptha chun coinbhleachtaí idir dlínsí a sheachaint.

### 4.5. Fuinneamh

Ba é an fhorbairt ba mhó a bhain le fuinneamh in 2025 an comhaontú polaitiúil ar thángthas air ag an gcruinniú mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe an 19 Bealtaine chun síneadh a chur leis an gcomhar fuinnimh idir na páirtithe ar bhonn leanúnach. Bhí an dá thaobh ar aon intinn faoin tuiscint pholaitiúil gur cheart cuspóirí an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a bhaineann le fuinneamh a shaothrú ar bhonn leanúnach, rud a fhágann gurb iomchuí síneadh a chur le cur i bhfeidhm an teidil fuinnimh. Cuireadh ar bhonn foirmiúil é sin trí ghlacadh Dhearbhú Uimh. 1/2025[31] agus Chinneadh Uimh. 2/2025[32] ón gComhairle Comhpháirtíochta an 19 Meitheamh 2025 lena ndéantar foráil maidir leis an gcéad síneadh go dtí an 31 Márta 2027. Leis an gcreat sin, cuirtear cobhsaíocht agus intuarthacht ar fáil do pháirtithe leasmhara san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe araon, éascaítear gnó, agus áirithítear cobhsaíocht an mhargaidh.

A mhéid a bhaineann leis na socruithe trádála leictreachais, lean an Coiste Speisialaithe um Fhuinneamh dá scrúdú ar an gCúpláil Toirte Scaoilte Ilréigiúin dá dtagraítear in Iarscríbhinn 29 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. I gcomhréir le Moladh Uimh. 1/2024[33], chuir Oibreoirí Córais Tarchuir le haghaidh leictreachais an Aontais agus na Ríochta Aontaithe tuarascáil chomhpháirteach faoi bhráid an Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh maidir le Cúpláil Toirte Scaoilte Ilréigiúin a chur chun feidhme an 30 Meán Fómhair 2025. Dá réir sin, an 27 agus an 28 Deireadh Fómhair 2025 faoi seach, chuir rialálaithe fuinnimh náisiúnta na Ríochta Aontaithe agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh a dtuairimí neamhfhoirmiúla faoi bhráid an Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh, a dhéanfaidh measúnú ar na tuairimí a thuilleadh in

[31] Dréachtdearbhú Comhpháirteach 1/2025 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 19 Meitheamh 2025 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ%3AL_202501232.

[32] Cinneadh Uimh. 2/2025 ón gComhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 19 Meitheamh 2025 lena n-eisítear léiriú ar Airteagal 331(2) agus lena gcuirtear síneadh le cur i bhfeidhm Chuid a Dó, Ceannteideal a hAon, Teideal VIII maidir le fuinneamh, den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025D1230.

[33] Moladh Uimh. 1/2024 ón gCoiste Speisialaithe um Fhuinneamh arna bhunú le hAirteagal 8(1), Pointe (l), den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 19 Nollaig 2024 do gach Páirtí maidir le hullmhú nósanna imeachta teicniúla um úsáid éifeachtúil idirnascairí leictreachais:
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025D0706.

2026. Níor bunaíodh leis na doiciméid sin bealach sásúil chun dul ar aghaidh leis an gCúpláil Toirte Scaoilte Ilréigiúin.

Mar thoradh air sin, ar bhonn na Comhthuisceana, reáchtáil an Coimisiún Eorpach agus an Ríocht Aontaithe réamhchainteanna maidir le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i margadh inmheánach leictreachais an Aontais agus thug siad chun críche iad. Ar an mbonn sin, ghlac an Coimisiún Eorpach moladh maidir le creat caibidlíochta le haghaidh rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i margadh inmheánach leictreachais an Aontais agus maidir le ranníocaíocht airgeadais na Ríochta Aontaithe chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta idir réigiúin an Aontais a laghdú[34].

Ar deireadh, tháinig an Mheitheal um Shlándáil an tSoláthair, a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 2/2024[35] ón gCoiste Speisialaithe um Fhuinneamh, le chéile trí huaire in 2025 chun a Téarmaí Tagartha a ghlacadh agus slándáil an tsoláthair a phlé roimh thréimhsí an tsamhraidh agus an gheimhridh.

## 4.6. Iompar

Chuaigh cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair i réimse an iompair ar aghaidh go rianúil, ag díriú ar fheidhmiú éifeachtach na gceart arna ndeonú go frithpháirteach ag na páirtithe.

I réimse na **sábháilteachta eitlíochta**, as an 32 iarratas a cuireadh isteach chun deimhnithe arna n-eisiúint ag Údarás Eitlíochta Sibhialta na Ríochta Aontaithe a bhailíochtú, d'fhormheas Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (GSEE) 23 cinn díobh faoi Airteagal 446 i gcomhar le hIarscríbhinn 30 den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Le tacaíocht ó GSEE, bhailíochtaigh údaráis na Ríochta Aontaithe 4 thionscadal as 11 cheann a chuir iarratasóirí de chuid an Aontais isteach, atá i gcomhréir leis na leibhéil ghníomhaíochta a bhfuil coinne leo maidir le bailíochtú deimhnithe.

I réimse an **aeriompair**, faoi dheireadh 2025, bhí coinne leis go mbeadh na leibhéil aerthráchta idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe roimh an bpaindéim bainte amach. Bhí 26 shocrú ar an iomlán maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta 'lasta uile' chun eitiltí neamhsceidealaithe a fhormheas tugtha i gcrích idir na Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe faoi Airteagail 419(4) agus 419(9) den Chomhaontú Trádála agus Comhair[36]. Ina theannta sin, dheonaigh na Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe údaruithe *ad hoc* le haghaidh eitiltí sceidealaithe lena n-iompraítear earraí nó paisinéirí idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas thar na saoirsí dá bhforáiltear in Airteagal 419 den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Dheonaigh an Ríocht Aontaithe agus

[34] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=COM:2025:804:FIN.

[35] Cinneadh Uimh 2/2024 ón gCoiste Speisialaithe um Fhuinneamh arna bhunú le hAirteagal 8(1)(l) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 7 Samhain 2024 a mhéid a bhaineann le bunú na Meithle um Shlándáil an tSoláthair, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025D0705.

[36] Shínigh na Ballstáit seo a leanas comhaontuithe déthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe: An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an tSualainn agus an Ungáir.

25 Bhallstát na húdaruithe sin trí bhíthin 'ceadanna bloic' lena gcumhdaítear roinnt eitiltí le haghaidh aeriompróir ar leith.

I réimse an **iompair de bhóthar**, leanadh den obair chun forálacha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair maidir le malartú faisnéise agus sonraí atá i gcláir leictreonacha náisiúnta a chur chun feidhme (c.f. Airteagal 14, Roinn 1 de Chuid A den Chomhaontú Trádála agus Comhair Iarscríbhinn 31). Áiríodh leis sin an Ríocht Aontaithe a nascadh, ón 1 Eanáir 2026, le Cláir Eorpacha na nGnóthas Iompair de Bhóthar, lena nasctar cláir náisiúnta oibreoirí iompair de bhóthar, lena gceadaítear malartú faisnéise faoi sháruithe tromchúiseacha arna ndéanamh ag gnóthais iompair de bhóthar sa Pháirtí eile, chomh maith le faisnéis eile atá sna cláir leictreonacha náisiúnta. Is é is aidhm do na tionscnaimh sin an comhar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a neartú agus feabhas a chur ar chomhroinnt sonraí eatarthu, agus cuireadh ar bhonn foirmiúil iad trí Chinntí Uimh. 1/2025, Uimh. 2/2025 agus Uimh. 3/2025 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar[37].

## 4.7. Iascach

Is é an comhaontú polaitiúil cinniúnach ar thángthas air ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe chun rochtain chómhalartach iomlán ar uiscí a ráthú tar éis an 30 Meitheamh 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2038 an fhorbairt is mó i réimse an iascaigh. Tar éis é a chur ar bhonn foirmiúil trí Chinneadh Uimh. 1/2025[38] ón gComhairle Comhpháirtíochta agus trí Chinneadh Uimh. 1/2025[39] ón gCoiste Speisialaithe um Iascach faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, soláthraítear leis an gcomhaontú seo cobhsaíocht agus intuarthacht fhadtéarmach d'iascairí de chuid an Aontais, rud a dhaingníonn a gcearta agus a chosnaíonn slí beatha, agus is céim mhór chun cinn é i gcur chun feidhme na Comhthuisceana.

Thairis sin, ghlac an Coimisiún páirt ghníomhach i bplé leis an Ríocht Aontaithe maidir lena limistéir mhuirí faoi chosaint. Cé go dtacaíonn an Coimisiún go hiomlán le cosaint na n-éiceachóras muirí, cuireann sé i dtábhacht an gá atá le cineálacha cur chuige lena mbaintear cothromaíocht amach idir caomhnú agus breithnithe socheacnamaíocha agus cosaint chearta iascaireachta an Aontais. Tá an Coimisiún fós tiomanta d'idirphlé cuiditheach le húdaráis na Ríochta Aontaithe.

[37] Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gcoiste speisialaithe um iompar de bhóthar maidir le liosta de chatagóirí, cineálacha agus leibhéil tromchúise sáruithe tromchúiseacha a bhféadfaí dea-cháil oibreora tarlaithe de bhóthar a chailleadh dá ndeasca EUR-Lex - 22025D2330 - GA- EUR-Lex agus Cinneadh Uimh. 2/2025 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar De Bhóthar maidir le cláir leictreonacha náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar agus na módúlachtaí chun faisnéis atá sna cláir sin a mhalartú https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025D2331

[38] Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gComhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 18 Meitheamh 2025 lena n-eisítear léiriú ar Airteagal 508(2)(d) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025D1229.

[39] Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gCoiste Speisialaithe um Iascach a mhéid a bhaineann leis na socruithe maidir leis an leibhéal agus na coinníollacha rochtana arna ndeonú ag gach Páirtí do shoithí an Pháirtí eile chun iascaireacht a dhéanamh ina uiscí ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2038: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025D1231.

Ar deireadh, i mí na Nollag 2025, thug an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a gcomhairliúcháin bhliantúla i gcrích faoi Airteagal 498 den Chomhaontú Trádála agus Comhair chun na gabhálacha iomlána incheadaithe le haghaidh stoic roinnte a chinneadh in 2026. Áirithítear leis an gcomhaontú gur féidir le cabhlaigh an Aontais suas le 288 000 tona, ar fiú os cionn EUR 1,2 billiún é, a iascach.

### 4.8. Comhordú slándála sóisialta

Mar a tharla sna blianta roimhe sin, leanadh de chur chun feidhme an Phrótacail maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair ('an Prótacal') ar bhealach cuiditheach, agus níor sainaithníodh aon saincheist shistéamach ná struchtúrach.

Rinne an Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta a chuid oibre teicniúla, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: (i) athruithe ar dhoiciméid leictreonacha struchtúrtha agus ar dhoiciméid iniompartha; (ii) nósanna imeachta chun costais sochar breoiteachta a aisíoc; (iii) cinntí ábhartha an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a thrasuí; agus (iv) réamhchainteanna maidir leis an bhféidearthacht foráil nua a áireamh i rialacha cur chun feidhme an Phrótacail, lena gceadaítear do Stáit maolú ar na rialacha maidir leis an reachtaíocht is infheidhme de chomhthoil i gcásanna dea-shainithe agus ar mhaithe leis na daoine lena mbaineann. Níor glacadh aon Chinneadh ná Moladh in 2025.

### 4.9. Forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla

In 2025, rinneadh tuilleadh dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar an gcomhar sa réimse sin.

Faoi dheireadh na bliana, dheonaigh 25 Bhallstát agus an Ríocht Aontaithe rochtain dá chéile ar a mbunachair sonraí náisiúnta méarlorg, i gcomhréir le hAirteagal 534 den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Chuir sé sin leis an dul chun cinn a rinneadh in 2024, nuair a dheonaigh na Ballstáit uile agus an Ríocht Aontaithe rochtain dá chéile ar a mbunachair sonraí DNA náisiúnta le haghaidh cuardach uathoibrithe, i gcomhréir le hAirteagal 530 den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

Maidir le malartú sonraí clárúcháin feithicle, rinneadh cuairt mheastóireachta agus treoirthionscadal sa Ríocht Aontaithe chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na n-oibleagáidí a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Ar bhonn na tuarascála meastóireachta a d'eascair as sin an 17 Deireadh Fómhair 2025, cinnfidh an Chomhairle an dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit tús a chur le sonraí a sholáthar don Ríocht Aontaithe. Nuair a ghlacfar an cinneadh sin, beidh na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe in ann cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh i mbunachair sonraí náisiúnta a chéile, mar a fhoráiltear faoi Airteagal 537 den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

An 24 Meán Fómhair, shínigh Europol agus Gníomhaireacht Náisiúnta Coireachta na Ríochta Aontaithe socrú oibre maidir leis na hoifigigh idirchaidrimh a thug an Ríocht Aontaithe ar iasacht do Europol. Ceadaítear leis sin don Ríocht Aontaithe suas le 20 oifigeach idirchaidrimh a thabhairt ar iasacht do Europol agus sonraítear cúraimí na n-oifigeach idirchaidrimh, a gcearta agus a n-oibleagáidí agus na costais lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 577(2)(d) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

I gcomhréir le hAirteagal 630(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, rinne an tAontas athbhreithniú ar a fhógraí don Ríocht Aontaithe a mhéid a bhaineann le daoine iarrtha a thabhairt suas agus thug sé fógra dá réir sin don Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach. Ní mór athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh gach 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair[40].

## 4.10. Comhlachú na Ríochta Aontaithe le cláir áirithe de chuid an Aontais

Ó 2024, bhí an Ríocht Aontaithe comhlachaithe le roinnt clár de chuid an Aontais, lena n-áirítear Fís Eorpach agus comhpháirt Copernicus de chlár spáis an Aontais. Cuireann sé sin ar a gcumas d'eintitis ón Ríocht Aontaithe páirt a ghlacadh i dtionscadail chomhoibríocha taighde agus nuálaíochta ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin.

De réir na sonraí is déanaí[41], ó bhí 2024 ann, is í an Ríocht Aontaithe an ceathrú faighteoir deontas is mó ó na tíortha rannpháirteacha uile (tar éis na Gearmáine, na Spáinne agus na Fraince[42]), agus fuair eintitis de chuid na Ríochta Aontaithe cistiú ó Fhís Eorpach dar luach thart ar EUR 1,2 billiún. Tá an Ríocht Aontaithe ar thús cadhnaíochta freisin i ngníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie, rud a chuireann ar a gcumas dá hollscoileanna agus dá hinstitiúidí páirt a ghlacadh i líonraí dochtúireachta agus tionscadail a chomhordú.

Thairis sin, ag cruinniú mullaigh mhí na Bealtaine 2025, chomhaontaigh an dá pháirtí oibriú i dtreo chomhlachas na Ríochta Aontaithe le Erasmus+. Thug an Coimisiún an chaibidlíocht maidir le comhlachú na Ríochta Aontaithe ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh i gcrích i mí na Nollag 2025[43]. Ina dhiaidh sin, beidh togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle chun Prótacal I a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a leasú, agus ina dhiaidh sin beidh na céimeanna reachtacha agus nós imeachta is gá chun go nglacfaidh an Coiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais téarmaí Phrótacal I a tugadh cothrom le dáta, lena rialaítear comhlachú na Ríochta Aontaithe le Erasmus+. Is céim mhór é sin i dtreo rannpháirtíocht níos leithne i soghluaisteachtaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, chomh maith le comhar sna hearnálacha uile a chumhdaítear leis an gclár (oideachas, oiliúint, an óige agus spórt).

## 4.11. Réimsí eile

I réimse na **slándála sláinte**, reáchtáladh réamhchainteanna d'fhonn an comhar déthaobhach a uasmhéadú maidir le paindéimí amach anseo a bhrath agus ullmhú dóibh, agus maidir leis an bhfreagairt ar bhagairtí sláinte atá ag teacht chun cinn.

[40] Fógraí faoi chuimse Chuid a Trí – Forfheidhmiú an Dlí agus Comhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe – Athbhreithniú ar na fógraí a tugadh don Ríocht Aontaithe mar chuid den athbhreithniú comhpháirteach ar Chuid a Trí den Chomhaontú Trádála agus Comhair (Airteagal 630 TCA): https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025X06451.

[41] Sonraí ó mhí Dheireadh Fómhair 2025

[42] Deais an chláir Fís Eorpach: Próifíl Tíre T&N - Fáilte | Bileog - Qlik Sense

[43] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/statement_25_3103.

I gcomhréir leis an gComhthuiscint agus tar éis don Chomhairle Cinneadh[44] agus treoracha caibidlíochta a ghlacadh an 11 Meitheamh 2025, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú idirnáisiúnta maidir leis an **Scéim Taithí don Aos Óg** a thabhairt i gcrích, lenar tugadh conair nua víosaí isteach agus éascaíodh rannpháirtíocht daoine óga ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe i raon gníomhaíochtaí.

## 5. Forbairtí i ndlí na Ríochta Aontaithe

De bhun an fhaireacháin leanúnaigh ag an gCoimisiún, déantar athbhreithniú sa roinn seo ar fhorbairtí reachtacha sa Ríocht Aontaithe, mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(4) de Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle, agus béim ar leith á leagan ar na bearta is mó atá ábhartha do chur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair.

I réimse an **rialaithe fóirdheontais**, lean an rialtas den chreat a bunaíodh faoin Acht um Rialú Fóirdheontais 2022 a bheachtú[45]. Leis na Rialacháin maidir le Rialú Fóirdheontais (Fóirdheontais agus Scéimeanna Leasa nó Leasa ar leith) (Leasú) 2025[46], atá i bhfeidhm ó mhí Lúnasa 2025, méadaíodh an tairseach airgeadais le haghaidh tarchur éigeantach fóirdheontas agus scéimeanna in earnálacha neamhíogaire chuig an Údarás Iomaíochta agus Margaí ó GBP 10 milliún go GBP 25 mhilliún. Mar thoradh air sin, mheas an tÚdarás Iomaíochta agus Margaí laghdú 28 % ar an líon fóirdheontas a ndearna an tAonad Comhairle Fóirdheontais grinnscrúdú orthu.

I réimse na g**caighdeán saothair agus sóisialta**, tugadh isteach leis an Acht um Chearta Fostaíochta 2025[47] athchóirithe ar dhlí na fostaíochta i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag. Áirítear leis na príomhfhorálacha, ar díol sásaimh don Aontas iad, nuashonruithe ar nósanna imeachta iomarcaíochta, dualgais chomhionannais d'fhostóirí, feidhmeanna ceardchumainn agus forfheidhmiú na reachtaíochta margaidh saothair. Go háirithe, féachann an tAcht seo le deireadh a chur le conarthaí gan íosmhéid uaireanta trí chearta chun uaireanta ráthaithe a dheonú agus trí reachtaíocht na gceardchumann a nuachóiriú, lena n-áirítear tríd an Acht conspóideach um Stailceanna (Íosleibhéil Seirbhíse) 2023 a aisghairm[48], ar Acht é a chuir an Coimisiún i dtábhacht ina thuarascáil 2023 ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair[49].

A mhéid a bhaineann le reachtaíocht **aeráide agus chomhshaoil**, bunaítear leis an Great British Energy Act 2025[50] Great British Energy (GBE), cuideachta fuinnimh faoi úinéireacht phoiblí a bhfuil sé de chúram uirthi dlús a chur le forbairt fuinnimh ghlain intíre. Leis an Acht sin, tugtar an t-údarás do Great British Energy infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar giniúna fuinnimh agus é a bhainistiú, agus ar an gcaoi sin inbhuanaitheacht chomhshaoil agus slándáil fuinnimh a chur chun cinn. Agus níos mó ná GBP 8,3 billiún le hinfheistiú, tá

[44] Cinneadh (AE) 2025/1286 ón gComhairle an 20 Meitheamh 2025 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le haghaidh comhaontú maidir le scéim taithí don aos óg https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2025/1286/oj.
[45] An tAcht um Rialú Fóirdheontais 2022
[46] https://www.legislation.gov.uk/uksi/2025/845/made
[47] https://assets.publishing.service.gov.uk/media/69440cd78f4636fa2c547e8a/employment-rights-act-2025-overview.pdf.
[48] https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2023/39.
[49] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52024DC0127.
[50] https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2025/16.

maoirseacht chúramach á déanamh ag an gCoimisiún ar an gcur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh sé ailínithe le gealltanais na Ríochta Aontaithe de chuid an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair.

Thairis sin, féachann an tAcht um Pleanáil agus Bonneagar 2025[51] le soláthar bonneagair chriticiúil a chuíchóiriú trí phleanáil spásúlachta straitéiseach a thabhairt isteach ar fud Shasana agus trí dhlús a chur le mórthionscadail chun tacú leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil. Leis an Acht sin, déantar ollchóiriú ar na rialacha pleanála agus bonneagair, agus cuirtear tobhach ar fhorbróirí a íoctar isteach sa Chiste Athchóirithe Dúlra in ionad oibleagáidí pleanála comhshaoil chun tionscadail athchóirithe a mhaoiniú. Déantar cuíchóiriú leis freisin ar fhormheasanna le haghaidh 'tionscadail bhonneagair atá mór go náisiúnta' agus bonneagar leictreachais. Is forbairt mhór sa réimse é agus tá faireachán gníomhach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar a thionchar ar thrádáil, ar infheistíocht agus ar neamhchomhlíonadh féideartha na n-oibleagáidí neamh-chúlchéimnithe faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.

I réimse na **rialála táirgí**, is éard atá san Acht um Rialáil Táirgí agus Méadreolaíocht 2025[52] athchóiriú cuimsitheach ar chreat na Ríochta Aontaithe maidir le sábháilteacht táirgí, méadreolaíocht agus cosaint tomhaltóirí. Cumhachtaítear don Státrúnaí rialacháin a thabhairt isteach lena rialaítear sábháilteacht, éifeachtúlacht agus cruinneas táirgí, lena n-áirítear maidir le gairis mheáite agus tomhais, agus leathnaíonn sé chun suiteálaithe táirgí. Cumasaítear leis freisin caighdeánú aonad tomhais, leagtar amach nósanna imeachta maidir le formhaoirseacht rialála agus déantar foráil maidir le comhordú le riaracháin chineachta. Cé go n-eisiatar earnálacha áirithe, amhail bia, táirgí íocshláinte, trealamh míleata, aerárthaí agus roinnt táirgí talmhaíochta, leagtar síos leis an nGníomh seo an bhunchloch don reachtaíocht thánaisteach a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear rialacha lena ndírítear ar mhargaí ar líne agus ar thrádáil dhigiteach. Tá sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Ghnímh chun a chur ar a chumas don Choimisiún comhlíonadh an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a choinneáil ar bun agus athruithe rialála a dhéanann difear do thrádáil trasteorann a réamh-mheas.

I réimse na **cosanta sonraí**, leis an Acht um Shonraí (Úsáid agus Rochtain) 2025[53], a achtaíodh i mí an Mheithimh 2025 agus a tháinig i bhfeidhm de réir a chéile idir mí an Mheithimh 2025 agus mí an Mheithimh 2026, déantar athchóiriú ar chreat cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe maidir le fíorú digiteach agus comhroinnt sonraí. Leasaítear leis an Acht seo an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, lena mbunaítear foras dlíthiúil nua chun sonraí pearsanta a phróiseáil i réimsí áirithe a bhaineann le leas an phobail, lena gcumasaítear scéimeanna Sonraí Cliste le haghaidh comhroinnt shlán sonraí, lena gcruthaítear creat dlíthiúil maidir le seirbhísí céannachta digití, agus lena mbunaítear Clár Náisiúnta Sócmhainní faoi Thalamh.

I mí an Mheithimh 2025, ghlac an Coimisiún Eorpach síneadh teicniúil 6 mhí leis an dá chinneadh leordhóthanachta[54] 2021 chun measúnú a dhéanamh ar impleachtaí an Achta um

[51] https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2025/34/enacted.
[52] https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2025/20.
[53] https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2025/18/contents.
[54] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1226 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2025 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó

Shonraí (Úsáid agus Rochtain) 2025. I mí Iúil 2025, tháinig sé ar an gconclúid go soláthraítear le creat dlíthiúil na Ríochta Aontaithe coimircí cosanta sonraí, lena n-áirítear na coimircí sin arna leasú leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) 2025, atá coibhéiseach go bunúsach le coimircí an Aontais, agus sheol sé ina dhiaidh sin an próiseas don Chomhairle chun cinntí leordhóthanachta nua a ghlacadh[55]. An 19 Nollaig 2025, glacadh na cinntí leordhóthanachta sin[56]. Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar na cinntí leordhóthanachta tar éis 4 bliana agus rachaidh siad in éag an 27 Nollaig 2031, mura gcuirfear síneadh leo.

# 6. Conclúidí

Tar éis 5 bliana de chur chun feidhme, léiríodh gur bunús láidir agus éifeachtach é an Comhaontú Trádála agus Comhair don chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, a bhfuil dul chun cinn maith déanta maidir lena chur chun feidhme ar an iomlán. Is eisceachtaí iad na saincheisteanna a sainaithníodh sa tuarascáil seo, i bhfianaise fhairsinge agus dhoimhneacht an chomhair a bunaíodh faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.

Mar a athdhearbhaíodh sa Chomhthuiscint a glacadh ag an gcéad chruinniú mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe an 19 Bealtaine 2025, tá an Comhaontú Trádála agus Comhair fós ina bhunchloch chun an chomhpháirtíocht straitéiseach nua idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a fhorbairt agus leanann sé de bheith ina phríomhionstraim chun an comhar a dhoimhniú i gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag athrú.

Deimhnítear i measúnú an Choimisiúin go soláthraítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, 5 bliana ina dhiaidh sin, creat cobhsaí intuartha comhthairbheach a neartófar a thuilleadh leis na comhaontuithe nua atá beartaithe faoin gComhthuiscint.

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta ag an Ríocht Aontaithe: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202501226.

[55] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1226 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2025 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 ón gCoimisiún de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le
cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta ag an Ríocht Aontaithe (tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2021)4800): https://commission.europa.eu/document/download/6f636fa0-30d4-4c05-a713-64484ad913fa_ga?filename=Draft%20Renewal%20of%20EU%20adequacy%20decision%20for%20the%20UK%20under%20the%20GDPR.pdf.

[56] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_25_3059.

## Iarscríbhinn 1: Cruinnithe na gcomhlachtaí comhpháirteacha agus struchtúr eile arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair[57]

| Dáta | Comhlacht/struchtúr comhpháirteach |
|---|---|
| 28 Eanáir | Slándáil an tSoláthair Fuinnimh (an Mheitheal): an chéad chruinniú |
| 4 Feabhra | Idirphlé maidir leis an bhFrithsceimhlitheoireacht – Airteagal 768 den Chomhaontú Trádála agus Comhair: an dara cruinniú |
| 10 Feabhra | Comhar idir maoirseoirí (comhshaol/aeráid) – Airteagal 395 den Chomhaontú Trádála agus Comhair: an chéad chruinniú |
| 12 Feabhra | Fóram Rialála Airgeadais an Aontais Eorpaigh – na Ríochta Aontaithe: an tríú cruinniú |
| 26 Feabhra | Iascach (Meitheal): an naoú cruinniú |
| 17-18 Márta | An Tionól Parlaiminteach Comhpháirtíochta: an cúigiú cruinniú |
| 25 Márta | Grúpa Comhairleach Baile an Aontais: an 14ú cruinniú |
| 14 Bealtaine | Iascach (an Coiste Speisialaithe): an 10ú cruinniú |
| 22 Bealtaine | Slándáil an tSoláthair Fuinnimh (an Mheitheal): an dara cruinniú |
| 4 Meitheamh | Táirgí órgánacha (an Mheitheal): an dara cruinniú |
| 5 Meitheamh | Táirgí Íocshláinte (an Mheitheal): an dara cruinniú |
| 11 Meitheamh | Aeriompar (an Coiste Speisialaithe): an cúigiú cruinniú |
| 12 Meitheamh | Mótarfheithiclí agus páirteanna (an Mheitheal): an dara cruinniú |
| 13 Meitheamh | Grúpa Comhairleach Baile an Aontais: an 15ú cruinniú |
| 18 Meitheamh | Fuinneamh (an Coiste Speisialaithe Trádála): an séú cruinniú |
| 24 Meitheamh | Fóram na Sochaí Sibhialta: an ceathrú cruinniú |
| 16 Iúil | Iascach (Meitheal): an 10ú cruinniú |
| 17 Meán Fómhair | Iascach (an Coiste Speisialaithe): an 11ú cruinniú |
| 29 Meán Fómhair | Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta (an Coiste Speisialaithe Trádála): an cúigiú cruinniú |
| 1 Deireadh Fómhair | Fóram Rialála Airgeadais an Aontais Eorpaigh-na Ríochta Aontaithe: an ceathrú cruinniú |
| 2 Deireadh Fómhair | Comhar Riaracháin in CBL agus Gnóthú Cánacha agus Dleachtanna (an Coiste Speisialaithe Trádála): an cúigiú cruinniú |
| 8 Deireadh Fómhair | Soláthar Poiblí (an Coiste Speisialaithe Trádála): an cúigiú cruinniú |
| 9 Deireadh Fómhair | Maoin Intleachtúil (an Coiste Speisialaithe Trádála): an cúigiú cruinniú |
| 15 Deireadh Fómhair | Cothrom Iomaíochta um an Iomaíocht Chóir agus Oscailte agus um Fhorbairt Inbhuanaithe (an Coiste Speisialaithe Trádála): an cúigiú cruinniú |
| 16 Deireadh | Comhar Custaim agus Rialacha Tionscnaimh (an Coiste Speisialaithe |

[57] Tá cláir oibre agus miontuairiscí chruinnithe na Comhairle Comhpháirtíochta agus na gCoistí Speisialaithe faoin gComhaontú Trádála agus Comhair le fáil ag: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/relations-united-kingdom/eu-uk-trade-and-cooperation-agreement/meetings-eu-uk-partnership-council-and-specialised-committees-under-trade-and-cooperation-agreement_ga.

| | |
|---|---|
| Fómhair | Trádála): an cúigiú cruinniú |
| 22 Deireadh Fómhair | Bacainní Teicniúla ar an Trádáil (an Coiste Speisialaithe Trádála): an cúigiú cruinniú |
| 23 Deireadh Fómhair | Seirbhísí, Infheistíocht agus Trádáil Dhigiteach (an Coiste Speisialaithe Trádála): an cúigiú cruinniú |
| 30 Deireadh Fómhair | Iompar de Bhóthar (an Coiste Speisialaithe): an cúigiú cruinniú |
| 6 Samhain | Earraí (an Coiste Speisialaithe Trádála): an cúigiú cruinniú |
| 7 Samhain | Fuinneamh (an Coiste Speisialaithe Trádála): an seachtú cruinniú |
| 12 Samhain | Comhar Rialála (an Coiste Speisialaithe Trádála): an cúigiú cruinniú |
| 18– 19 Samhain | An Tionól Parlaiminteach Comhpháirtíochta: an séú cruinniú |
| 21 Samhain | Idirphlé maidir le Córais Chánach Dhíobhálacha: an dara cruinniú |
| 26 Samhain | Sábháilteacht Eitlíochta (an Coiste Speisialaithe): an cúigiú cruinniú |
| 1 Nollaig | Comhordú Slándála Sóisialta (an Coiste Speisialaithe): an cúigiú cruinniú |
| 4 Nollaig | An Coiste Comhpháirtíochta Trádála: an cúigiú cruinniú |
| 4 Nollaig | Forfheidhmiú an Dlí agus Comhar Breithiúnach (an Coiste Speisialaithe): an cúigiú cruinniú |
| 9 – 10 Nollaig | Idirphlé maidir le cibircheisteanna – Airteagal 703 den Chomhaontú Trádála agus Comhair: an tríú cruinniú |
| 15 Nollaig | Rannpháirtíocht i gcláir an Aontais (an Coiste Speisialaithe): an cúigiú cruinniú |

## Iarscríbhinn 2: Cinntí, moltaí agus dearbhuithe arna nglacadh ag an gComhairle Comhpháirtíochta agus ag na Coistí arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair

| Dáta | Cinneadh nó Moladh |
|---|---|
| An 18 Meitheamh 2025 | Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gComhairle Comhpháirtíochta lena n-eisítear léiriú ar Airteagal 508(2)(d) den Chomhaontú Trádála agus Comhair[58] |
| An 19 Meitheamh 2025 | Cinneadh Uimh. 2/2025 ón gComhairle Comhpháirtíochta lena n-eisítear léiriú ar Airteagal 331(2) agus lena gcuirtear síneadh le cur i bhfeidhm Chuid a Dó, Ceannteideal a hAon, Teideal VIII maidir le fuinneamh, den Chomhaontú Trádála agus Comhair[59] |
| An 19 Meitheamh 2025 | Dréachtdearbhú Comhpháirteach 1/2025 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair[60] |
| An 19 Meitheamh 2025 | Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gCoiste Speisialaithe um Iascach a mhéid a bhaineann leis na socruithe maidir leis an leibhéal agus na coinníollacha rochtana arna ndeonú ag gach Páirtí do shoithí an Pháirtí eile chun iascaireacht a dhéanamh ina uiscí ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2038[61] |
| An 31 Iúil 2025 | Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gCoiste Speisialta Trádála um Chomhar Riaracháin in CBL agus um Aisghabháil Cánacha agus Dleachtanna an 31 Iúil 2025 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 4/2023 maidir le foirmeacha caighdeánacha chun faisnéis agus sonraí staidrimh a chur in iúl, maidir le tarchur faisnéise trí Líonra Cumarsáide Coiteann agus maidir leis na socruithe praiticiúla i dtaca le heagrú na dteagmhálacha idir na lároifigí idirchaidrimh agus na ranna idirchaidrimh[62] |
| 30 Deireadh Fómhair 2025 | Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gcoiste speisialaithe um iompar de bhóthar maidir le liosta de chatagóirí, cineálacha agus leibhéil tromchúise sáruithe tromchúiseacha a bhféadfaí dea-cháil oibreora tarlaithe de bhóthar a chailleadh dá ndeasca[63] |
| 30 Deireadh Fómhair 2025 | Cinneadh Uimh. 2/2025 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar De Bhóthar maidir le cláir leictreonacha náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar agus na módúlachtaí chun faisnéis atá sna cláir sin a mhalartú[64] |
| 30 Deireadh Fómhair 2025 | Cinneadh Uimh. 3/2025 ón gCoiste speisialaithe um iompar de bhóthar maidir le méid agus módúlachtaí ranníocaíocht airgeadais na Ríochta Aontaithe le córais áirithe faisnéise iompair de bhóthar arna mbainistiú ag an Aontas agus an leasú ar Chinneadh Uimh. 1/2022 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar[65] |

[58] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025D1229.
[59] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025D1230.
[60] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025X01232.
[61] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025D1231.
[62] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025D1755.
[63] EUR-Lex - 22025D2330 - GA - EUR-Lex.
[64] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025D2331
[65] EUR-Lex - 22025D2329 - GA - EUR-Lex.

## Iarscríbhinn 3: Iarscríbhinn 3: Forbhreathnú ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a comhaontaíodh sa Chomhthuiscint

| Gníomhaíocht/réimse comhair | Staid na himeartha |
|---|---|
| Rochtain chómhalartach iomlán ar uiscí iascaireachta go dtí an 30 Meitheamh 2038 | Le Cinneadh Uimh. 1/2025[66] ón gComhairle Comhpháirtíochta an 18 Meitheamh 2025 agus Cinneadh Uimh. 1/2025[67] ón gCoiste Speisialaithe um Iascach an 1 Iúil 2025, déantar foráil maidir le rochtain chómhalartach iomlán ar uiscí tar éis an 30 Meitheamh 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2038. |
| Síneadh a chur le comhar fuinnimh | Le Dearbhú Uimh. 1/2025[68] agus Cinneadh Uimh. 2/2025[69] ón gComhairle Comhpháirtíochta an 19 Meitheamh 2025, déantar foráil maidir le cur i bhfeidhm leanúnach fhorálacha fuinnimh an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Beidh feidhm ag an gcéad síneadh go dtí an 31 Márta 2027, agus beidh tuilleadh síntí ann ar bhonn bliantúil. |
| Oibriú i dtreo córais trádála astaíochtaí an dá pháirtí a nascadh | Tar éis ghlacadh shainordú caibidlíochta na Comhairle an 17 Samhain 2025, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht. |
| Comhlachú na Ríochta Aontaithe le Erasmus+ | Thug an Coimisiún an chaibidlíocht maidir le comhlachú na Ríochta Aontaithe ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh i gcrích i mí na Nollag 2025. |
| Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí | Idirphlé tiomnaithe maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a mhéid a bshaineann le dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha chun críoch gnó, lena n-áirítear an scéim urraíochta, agus aitheantas |

[66] Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gComhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 18 Meitheamh 2025 lena n-eisítear léiriú ar Airteagal 508(2)(d) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025D1229

[67] Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gCoiste Speisialaithe um Iascach a mhéid a bhaineann leis na socruithe maidir leis an leibhéal agus na coinníollacha rochtana arna ndeonú ag gach Páirtí do shoithí an Pháirtí eile chun iascaireacht a dhéanamh ina uiscí ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2038 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025D1231

[68] Dréachtdearbhú Comhpháirteach 1/2025 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 19 Meitheamh 2025 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025X01232

[69] Cinneadh Uimh. 2/2025 ón gComhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 19 Meitheamh 2025 lena n-eisítear léiriú ar Airteagal 331(2) agus lena gcuirtear síneadh le cur i bhfeidhm Chuid a Dó, Ceannteideal a hAon, Teideal VIII maidir le fuinneamh, den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:22025D1230

| | |
|---|---|
| | do cháilíochtaí gairmiúla, tuairisciú do chomhlachtaí comhpháirteacha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair |
| An comhar maidir le slándáil sláinte a uasmhéadú | Tá réamhchainteanna fós ar siúl. |
| Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus forfheidhmiú an dlí a neartú | Tá réamhchainteanna fós ar siúl. |
| Comhaontú maidir le comhar iomaíochta | Comhaontaíodh an Comhaontú maidir le comhar iomaíochta idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe in 2025 agus síníodh é i mí Feabhra 2026. |